

Gradam Ceoil – Cur Síos

Seoladh *Gradam Ceoil TG4* sa bhliain 1998, bunsmaoineamh a bhí ag Mary McPartlan agus comhartha ó thús aimsire go mbeadh an ceol traidisiúnta ina ghné lárnach thábhachtach den sceideal ag an stáisiún nua. Ó am a bhunaithe, tháinig *Gradam Ceoil TG4* chun cinn sa chaoi is go bhfeictear anois gurb iad na gradaim is clúití do cheoltóirí, d'amhránaithe, do chumadóirí agus do phearsana eile an traidisiúin gradaim na scéime seo. Toghann painéal roghnóirí, bliain i ndiaidh bliana, na healaíontóirí ina bhfeictear tréithe an ardchumais, an mhórchroí agus an dúchais maidir le healaín thraidisiúnta na tíre seo. Bíonn daoine ar bís ag fanacht go bhfógraítear buaiteoirí na ngradam gach bliain agus ábhar cainte dá bharr idir lucht an cheoil ar fud an domhain. Bíonn an craoladh beo ar cheolchoirm an Ghradam ar cheann de na buaicphointí móra i sceideal TG4.

I dtús a ré, dhá ghradam a bhíodh ann – *Ceoltóir na Bliana* agus *Ceoltóir Óg na Bliana*. Tommy Peoples, an veidhleadóir as Tír Chonaill, agus June McCormack, bean na feadóige móire as Sligeach an bheirt ar bronnadh gradaim orthu an chéad bhliain. Tá an tionchar a bhí ag an Bothy Band ar ghlún iomlán de lucht an cheoil le sonrú ar bhuaiteoirí an príomhghradaim i rith na mblianta tosaigh nuair a bhí le rá faoi thriúr den chéad chúigear, Matt Molloy sa bhliain 1999 agus Paddy Keenan sa bhliain 2002 chomh maith le Tommy, go mbídís sa bhanna sin.

Ní haon díol iontais a bhfuil d'fhidléirí le háireamh ar na buaiteoirí: Tommy Peoples (1998), John Carty (2003), Seán Keane (2004), James Kelly (2006), Martin Hayes (2008), Bryan Rooney (2012), Kevin Burke (2016), Mairéad Ní Mhaonaigh (2017) agus Frankie Gavin (2018). Tugadh, ar ndóigh, aitheantas do cheoltóirí ar réimse leathan uirlisí eile freisin. Bronnadh an príomhghradam ar na píobairí Paddy Keenan, Liam O'Flynn agus Seán McKiernan chomh maith leis na fliúiteadóirí Matt Molloy agus Harry Bradley, Mary Bergin (an fheadóg stáin), Maire Ní Chathasaigh (an chruit), Noel Hill (an consairtín), agus na boscadóirí Jackie Daly, Charlie Harris, Dermot Byrne agus Máirtín O'Connor. Tá an bainseó le lua freisin le John Carty mar atá an fheadóg mhór.

Lean na ceoltóirí óga ar bronnadh gradaim orthu ar aghaidh gur chruthaigh iad féin i mbun an cheoil aonair agus ag seinm le grúpaí. Tá cuid mhór acu gníomhach le bannaí cáiliúla agus ag plé le réimsí eile den cheol traidisiúnta. Conor McKeon agus Seán McKeon an t-aon bheirt den aon chlann amháin ar bronnadh an gradam seo orthu. Ba iad na Ceoltóirí Óga eile Aogán Lynch, Méabh O'Hare, Liam O'Connor, Ciarán Ó Maonaigh, Edel Fox, Michelle Mulcahy, Fiachna Ó Mongáin, Martin Tourish, Conor McEvoy, Aidan O'Donnell, Pádraig Keane, Caoimhín Ó Fearghail, Dónal McCague, Bryan O'Leary, Maitiú Ó Casaide, Orlaith McAuliffe, Liam O'Brien agus Claire Friel.

Ón mbliain 2001, tugadh gradaim i gcatagóirí nua isteach. Leis an n*Gradam Saoil*, tugtar aitheantas dóibh siúd a bhfuil tionchar rídhomhain imeartha acu ar shaol ceol traidisiúnta na hÉireann agus a chuir an ceol chun cinn le blianta fada. Paddy Canny, veidhleadóir an Chláir, an chéad duine ar bronnadh an gradam seo air a bronnadh ó shin ar Peter Horan, Johnny O'Leary, Tony MacMahon, Peter O'Loughlin, Sarah agus Rita Keane, Paddy Cronin, Joe agus Siobhán O'Donovan, Roger Sherlock, Seán Potts, Ben Lennon, Danny Meehan, Michael Tubridy, Chris Droney, Bobby Gardiner, Arty McGlynn, Donal Lunny agus Patsy Hanly.

Tugadh isteach gradam an amhránaí mar gheall go bhfacthas gá le haitheantas a thabhairt d'amhránaithe traidisiúnta, gan bheann ar amhráin i nGaeilge nó i mBéarla, le tionlacan nó gan tionlacan, agus taobh amuigh de réimse na gcomórtas. Bronnadh an gradam ar réimse leathan éagsúil daoine, idir chrainn seasta na hamhránaíochta, mar shampla, Frank Harte, Len Graham agus Maighréad Ní Dhomhnaill, agus dhaoine de ghlún níos óige, mar shampla, Ciarán Ó Gealbháin, Nell Ní Chróinin agus Muireann Nic Amhlaoibh, agus *virtuosi* an tsean-nóis, mar shampla, Nan Tom Teaimín, Dara Bán Mac Donnchadha agus Pól Ó Ceannabháin. Ar na hamhránaithe eile ar bronnadh an gradam orthu, tá Rosie Stewart, Seán Garvey, Iarla Ó Lionáird, Sarah Anne O'Neill, Cathal McConnell, Séamus Ó Beaglaíoch, Róisín White, Rita Gallagher agus Máire Ní Chéileachair.

Léiriú *Gradam an Chumadóir* ar a thábhachtaí atá sé cur go leanúnach le tobar an cheol damhsa agus tá cuid mhór de shaothar cumadóireachta na mbuaiteoirí á sheinm mar chuid den cheol traidisiúnta cheana féin ag seisiúin agus ar cheirníní ag ceoltóirí eile. Is iad na cumadóirí ar bronnadh an gradam orthu go dtí seo: Paddy Fahy, Brendan Tonra, Vincent Broderick, Richie Dwyer, Josephine Keegan, Charlie Lennon, Jim McGrath, Peadar Ó Riada, Con Ó Drisceoil, John agus Finbar Dwyer, Liz Carroll, Paddy O'Brien, Tommy Peoples agus Michael Rooney.

Bronntar an *Gradam Comaoine* ar dhaoine agus ar eagraíochtaí a shaothraigh gan stad chun an traidisiún a chaomhnú agus a chraobhscaoileadh, arna chinntiú go mbíonn ceol ón ré atá caite agus ceol na linne seo ar fáil i gcónaí ag na glúnta de cheoltóirí agus d'éisteoirí atá fós le theacht. Rinneadh saothar na bPíobairí Uilleann, Thaisce Cheol Dúchais Éireann, Chairde na Cruite agus an Armagh Pipers' Club a admháil chomh maith leis an gcion tairbhe atá déanta ag Harry Bradshaw, Reg Hall, Mícheál Ó Súilleabháin, Mick Moloney, Mick O'Connor, Pádraigín Ní Uallacháin agus toradh saothair Phroinsiais Uí Chonluain, Chiaráin Mhic Mathúna agus Mhuiris Uí Rócháin nach maireann.

Ar an gceann is deireanaí a cuireadh ar bun, tá gradam chun fiúntas an chomhfhiontair a admháil idir lucht an cheoil thraidisiúnta féin agus idir iadsan agus lucht ealaín de chineálacha eile an gradam. Orthu sin ar bronnadh an gradam seo orthu, tá an *Goodman Project*, *Ensemble Eriú*, *Our Dear Dark Mountain with the Sky Over It* agus *Concert*.

Rinne Gradam Ceoil TG4 ceiliúradh ar chomóradh céad bliain 1916 trí ghradam speisialta a bhronnadh ar Ghael Linn sa bhliain 2016 agus rinneadh ceiliúradh ar an gcéad bhliain ag craoladh as Béal Feirste trí bhronnadh a dhéanamh ar an Field Marshall Montgomery Pipe Band.

Tá athshamhlú á dhéanamh anois, i gcomhar le Taisce Cheol Dúchais Éireann, ar shraith Ghradam Ceoil TG4 ionas go mbíonn cartlann dhigiteach ar fáil – an bailiúchán is breátha ar an idirlíon de cheol traidisiúnta na linne seo á chur i láthair an phobail. Tríd an teicneolaíocht dhigiteach a thapú, tá gach clár a craoladh ón mbliain 1998 anuas ar fáil anois saor in aisce ar bhealach is féidir a chuardach maidir le ceoltóir nó amhránaí, ainm an phársa ceoil nó an amhráin etc. Tá saol cheol traidisiúnta na hÉireann ar bharr na méar anois agat más éisteacht, taighde nó taitneamh an úsáid is mian leat a bhaint as Cartlann.....